Tá Fáilte Isteach ag cur le barrchleachtas cheana féin mar imeashtar imircigh i bpobail áitiúla ilghnéitheacha agus fáiltítear rompu. Is léir go bhfuil torthaí dearfacha ar an iarracht seo. Ar na torthaí seo áirítear cumas teanga níos fearr a bheith ag na himircigh, folláine agus féinmhuinín níos fearr a bheith ag na teagascóirí agus comhthuiscint fheabhsaithe a bheith i measc an phobail i gcoitinne.

Is léir dúinn cheana féin go bhfuil athrú chun feabhais mar thoradh ar Fáilte Isteach i 56 phobal a bhfuil cuid acu i gceantair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus tuilleadh acu i gceantair tuaithe in Éirinn. Éiríonn leis an eiseamláir i mbaill éagsúla toisc go bhfuil sí ag freastal ar fhíor-riachtanas ar shlí sholúbtha dhinimiciúil atá dírithe ar an foghlaimeoir. Ba chóir go dtabharfaí an deis do gach pobal ina maireann imircigh naisc agus caidrimh a chothú a théann chun tairbhe do chách.

### Tuairim an Ghiúiré

→ *Cúis mhaoite is ea an togra seo - agus 56 chraobh, 1600 foghlaimeoirí agus 550 oibrí deonach aige ó cheann ceann na tíre. Tá cur chuige an togra neamh-fhoirmiúil agus múintear ceacht Béarla chomhráitigh dhá uaire do réimse náisiúntachtaí éagsúla. Éireannaigh is ea iad na teagascóirí scothaosta. Is iontach é 'mothúchán comhluadair' an togra - braitheann daoine nua a thagann isteach go gcuirtear fáilte ó chroí rompu. Tá athbhreithniú meastóireachta déanta ar an tionscnamh ag Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide. Dá réir sin is tionscnamh den scoth é sa mhéid go gcabhraíonn sé le daoine imeascadh agus a gcumas teanga a chur chun cinn. Is cúis mhaoite é an méid oibre atá á dhéanamh ar bhuiséad an-bheag. Tá úrnuacht ag baint leis an togra toisc go mbaintear úsáid as buanna atá sa phobal ar mhaithe le foghlaim idirchultúrtha i measc comhpháirtithe.*

### Sonraí teagmhála

Liam Carey, Ionad an Third Age, Cnoc an tSamhraidh, Co. na Mí.  
Guth: 046 955 8497 Email: failteisteach@thirdageireland.ie Web: www.thirdageireland.ie



## Language Learner of the Year 2013

*“...In spite of a profound economic crisis, which has rocked the European Union to its very foundations, our fundamental objective remains the same: to work together for a better society while fully respecting our differences. We continue to believe that freedom, equality, solidarity and diversity can be reconciled in a common endeavour. Language is essential to this mission. If we no longer take the trouble to learn our neighbours’ language, then we are less likely to understand their concerns, and even less likely to lend a helping hand. Experience tells us that we are more willing to make sacrifices for those that we know and trust. Today as much as ever, culture and language remain potent factors of our sense of community. I believe the role of language goes even deeper than this: it is about our relationship with our fellow human beings and how we empathise with them.”*

Excerpt from **“Why languages still matter”** speech delivered by Ms Androulla Vassiliou, European Commissioner for Education, Culture, Multilingualism and Youth at the conference on Multilingualism in Europe, Nicosia, 27th September 2012.

The Language Learner of the Year award recognises outstanding individual language learners. This award highlights the motivation and determination of exceptional language learners, who have tackled the challenges of learning a language and have emerged with significantly improved language skills.

### The winners of the Language Learner of the Year 2013 Award are:

❖	Abdul Jabbar Khan	page 21
❖	Artjom Kohhantsuk	page 23
❖	Brajan Mazurkiewicz	page 25
❖	Christopher McMahon	page 27
❖	Elif Sude Alagoz	page 29



## Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013

*“...D’ainneoin géarchéim eacamaíoch thromchúiseach a bhain croitheadh go smíor as an Aontas Eorpach cloímid lenár gcuspóir bhunúsach i gcónaí: obair as láimh a chéile ar mhaithe le sochaí níos fearr agus meas a léiriú ar na difríochtaí ag an am céanna. Is é ár dtuairim i gcónaí gur féidir réiteach a bhaint amach idir saoirse, comhionannas, dlúthpháirtíocht agus ilghnéitheacht ach iarracht a dhéanamh le chéile. Is cuid rí-thábhachtach í teanga den iarracht seo. Mura mbacaimid le teangacha ár gcomharsan a thuilleadh is lú an seans go dtuigfimid cad atá ag cur isteach orthu, gan trácht ar cúnamh a thairiscint dóibh. Múineann an saol dúinn gur níos sásta a bhímid iarracht ar leith a dhéanamh ar mhaithe leo siúd a bhfuil aithne againn orthu agus a gcuirimid muinín iontu. Imríonn cultúr agus teanga tionchar mór ar ár meon pobail i gcónaí sa lá atá inniu ann agus d’imir riamh. Is í mo thuairim go bhfuil ról níos láidre ag teangacha fós: baineann siad leis an gcaidreamh atá againn le daoine eile agus conas a léirímid comhbhá leo.”*

Sliocht as **“Why languages still matter”** (“Toisc go bhfuil teangacha tábhachtach i gcónaí”) óráid le Androulla Vassiliou, Uas., Coimisinéir Eorpach Oideachais, Cultúir, Ilteangachais agus Óige, ag an gcomhdháil um Ilteangachas san Eoraip, An Niocóis, 27ú Meán Fómhair 2012.

Le séala Foghlaimoir Teanga na Bliana tugtar aitheantas d’fhoghlaimoirí teanga aonair a bhfuil sáriarracht déanta acu. Leis an duais seo díritear aird ar an inspreagadh agus ar an diongbháilteacht atá ag foghlaimoirí teanga sárchumasacha ar éirigh leo dul i ngleic leis na dúshláin a ghabhann le foghlaim teanga agus a bhfuil feabhas mór tagtha ar a scileanna teanga dá bharr.

### Is iad seo a leanas buaiteoirí Séala Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013:

❖	Abdul Jabbar Khan	leathanach 22
❖	Artjom Kohhantsuk	leathanach 24
❖	Brajan Mazurkiewicz	leathanach 26
❖	Christopher McMahon	leathanach 28
❖	Elif Sude Alagoz	leathanach 30



## Language Learner of the Year 2013

### ◆◆◆ Abdul Jabbar Khan Refugee Access Programme.

Abdul joined the programme in September 2012 as a newly-arrived unaccompanied minor from Pakistan. He had not had any prior education in his country of origin and was therefore not literate in his first language, Pashto. In addition to Pashto, he also spoke Urdu. He started as a beginner (A0) in English. Initially he progressed in the skills of speaking and listening at a steady pace. He put in great effort every day in all English classes as well as developing his language skills in other subjects such as Maths and the Life Skills modules such as Art, Cookery and the ECO-UNESCO workshops. When these skills had developed he also began to focus more on his reading and writing. Within five months he has progressed from A0 to A2.

Abdul developed a curiosity in language and in particular in reading through internet research projects as part of English classes. From there he was encouraged to take up graded readers on a range of topics and across genres from biographies to fiction. Although he still finds reading quite challenging, he is self-motivated and reads with more confidence. His interest in the world around him has become more evident as his language skills have progressed and he regularly asks questions and makes direct links between his lessons and the wider world.

Abdul has also grown hugely in his confidence in addressing his peers, especially in oral presentations. He is more autonomous in his learning and is better able to work independently. He has also joined a Computer Club outside of school which has further developed his language and social skills whilst building confidence. In November 2012 he participated in a young people's seminar where he met a lot of peers, from both Irish and migrant backgrounds, and this experience had a profound impact on his enthusiasm, motivation and confidence in using English. Last but not least, Abdul has always applied himself eagerly to homework assignments and additional study in his free time.

### Jury comments

◆◆◆ *Abdul uses language as an active learner. As an unsupported minor with no prior education, he has learned from scratch. His exceptional achievements and personal successes demonstrate his motivation to overcome language challenges.*

### Nominated by:

◆◆◆ *Bernie Boyle, Local Coordinator/ESOL teacher, CDVEC (now CDETB) Refugee Access Programme.*





## Foghlaimoír Teanga na Bliana 2013



### Abdul Jabbar Khan

An Clár Rochtana do Dhídeanaithe.

Tháinig Abdul isteach sa chlár i mí Mheán Fómhair 2012. Bhí sé díreach tagtha ón Phacastáin ina aonar agus mionaoiseach ab ea é. Ní raibh aon oideachas faighte aige ina thír féin agus dá bhrí sin ní raibh puinn litearthachta aige ina theanga dhúchais, an Phaistis. Lasmuigh

den Phaistis bhí an Urdúis aige. Chuir sé tús le Béarla a fhoghlaim mar thosnaitheoir, ag leibhéal A0. Rinne sé dul chun cinn seasmhach sa teanga labhartha agus i scileanna éisteachta ar dtús. Rinne sé sáirarracht gach lá sna ranganna Béarla go léir. Ina theannta sin chuir sé a scileanna teanga chun cinn in ábhair eile ar nós Mata agus i modúil Scileanna Beatha cosúil le hEalaín, Cócaireacht agus na ceardlanna ECO-UNESCO. Agus na scileanna seo forbartha aige dhírigh sé isteach ar a chuid scileanna léitheoireachta agus scríobhneoireachta a chur chun cinn. Bhog sé ar aghaidh ó leibhéal A0 go A2 laistigh de chúig mhí.

Chuir Abdul spéis i dteangacha agus go háirithe sa léitheoireacht mar thoradh ar thograí taighde ar an idirlíon a bhí ar siúl ina ranganna Béarla. Spreag sé sin é chun tabhairt faoi leabhair léitheoireachta cheimnithe ar éagsúlacht ábhar ó sheánraí

difriúla idir bheathaisnéis agus fhicsean. Bíodh is nach bhfuil an léitheoireacht go hiomlán ar a thoil aige fós tá fonn mór air máistreacht a fháil uirthi agus bíonn níos mó muinín aige agus é ag léamh. Is fusa a thabhairt faoi deara go gcuireann sé suim sa saol mórthimpeall air de réir mar atá cúl chun cinn á dhéanamh aige ar a chumas teanga: cuireann sé ceisteanna go rialta agus déanann naisc idir a chuid ceachtanna agus an saol mór amuigh.

Tá i bhfad níos mó muinín ag Abdul maidir le labhairt lena chomhdhaltaí, go háirithe nuair a bhíonn láithreoireachtaí ó bhéal i gceist. Is minice a bhíonn sé ag obair faoina stiúir féin agus é ag gabháil don bhfoghlaim agus tá cumas níos fearr aige obair go neamhspleách. Ina theannta sin chuaigh sé isteach i gclub ríomhaireachta lasmuigh den scoil, rud a chuireann lena chuid scileanna teanga agus sóisialta agus atá ag cothú a fhéinmhuíne ag an am céanna. I mí na Samhna 2012 bhí sé rannpháirteach i seimineár do dhaoine óga, áit ar bhuail sé le mórán comhdhaltaí idir dháltaí Éireannacha agus dháltaí ó chúltra imirceach. Mar thoradh ar an eispéireas seo méadaíodh go mór ar a dhíograis, a inspreagadh agus a mhuinín agus é ag labhairt Béarla. Faoi dheireadh thiar ba chóir dúinn rud tábhachtach eile a lua: Bhíodh Abdul ag tabhairt faoina chuid obair bhaile go díograiseach i gcónaí agus bhíodh sé lánsásta obair bhreise a dhéanamh le linn a chuid ama shaoir.

#### Tuairim an Ghiúiré

→ Is mar fhoghlaimoír gníomhach a bhaineann Abdul úsáid as teanga. Agus é ina mhionaoiseach gan tacaíocht ná gan aon oideachas a bheith aige roimhe d'fhoghlaim sé as an úr. Tá éirithe thar cinn leis go pearsanta agus tá éachtaí as cuimse déanta aige. Is fianaise iad na nithe seo ar an díograis atá ann le dúshláin teanga a shárú.

#### Arna ainmniú ag:

→ Bernie Boyle, Comhordaitheoir Áitiúil/múinteoir BCTE, CGO Chathair Bhaile Átha Cliath (dá ngairtear An Bord Oideachais agus Oilúna Chathair Bhaile Átha Cliath anois), an Clár Rochtana do Dhídeanaithe.



## Language Learner of the Year 2013

### ❖❖❖ **Artjom Kohhantsuk** Maynooth Post Primary School.

Artjom arrived in Ireland in summer 2009 from Estonia and enrolled as a first year student at Maynooth Post Primary School. From the start, he applied himself with zeal and hard work to the task of mastering English. He received the International Student of the Year award 2011 at the end of second year in recognition of his outstanding exam results. Artjom achieved an A in Higher Level German in his Junior Cert examination. He is to be highly commended for this achievement, considering that he learnt German through the medium of English as a foreign language. He continues to be an outstanding student of German and is likely to secure the highest grade in this subject in Leaving Cert. The German Language Assistant frequently commends him for his exceptional achievements in German.

Artjom has been a wonderful ambassador for his native country Estonia. He gave an excellent presentation on Tallinn/Estonia at the Careers & German workshop last year in front of the whole school cohort of German students and representatives from the German Departments of four universities. The presentation was given in German and beautifully illustrated in PowerPoint slides. He is also organising (with minimal assistance) a student cultural exchange between students in Maynooth and Tallinn. This will likely take place in Spring 2014. These are just two of many ways in which he has opened a window for Irish students into his native country.

#### Jury comments

→ *Artjom has a good facility with languages and participates in innovative activities. He is an excellent language champion and enjoys bringing people together to learn and use languages. It is outstanding that he learned Estonian outside of the country...he is a true ambassador for his country.*

#### Nominated by:

→ *Helen English, Teacher of German & Coordinator of Language Support, Maynooth Post Primary School.*





## Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013



### Artjom Kohhantsuk Iarbhunscóil Mhaigh Nuad.

Tháinig Artjom go hÉirinn sa samhradh 2009 ón Eastóin agus chláraigh sé mar dhalta sa chéad bhliain in Iarbhunscóil Mhaigh Nuad. Rinne sé a sheacht ndécheall agus d'oibrigh sé go cruá ón tosach amach chun máistreacht a fháil ar an mBéarla. Bronnadh duais Dalta Idirnáisiúnta na Bliana air i 2011 ag deireadh na dara bliana mar aitheantas ar a shárthorthaí scrúdaithe. Bhain Artjom A amach sa nGearmáinis - Ardleibhéal ina scrúdú Teastais Shóisirigh. Tá moladh mór tuillte aige mar gheall air sin má chuirtear san áireamh gur foghlaim sé an Ghearmáinis trí mheán an Bhéarla ar teanga iasachta í ina chás féin. Is foghlaimoir Gearmáinise thar cinn é i gcónaí agus dealraíonn an scéal go n-éireoidh leis an marc is airde a bhaint amach san ábhar seo san Ardeist. Is minic an Cúntóir Teanga Gearmáinise a thabhairt moladh dó de bharr a shárchumais sa Ghearmáinis.

Ambasadóir iontach ab ea Artjom ar a thír dhúchais, an Eastóin. Thug sé láithreoiracht den scoth ar Thailinn na hEastóine ag an gceardann um Ghairmeacha & An Ghearmáinis an uraidh os comhair daltaí na scoile go léir atá ag foghlaim na Gearmáinise mar aon le hionadaithe ó Ranna Gearmáinise ó cheithre Ollscoil. Is as Gearmáinis a thug sé an láithreoiracht a raibh léaráidí PowerPoint áillne ag gabháil léi.

#### Tuairim an Ghiúiré

→ Tá sárchumas teangacha ag Artjom agus bíonn sé rannpháirteach i ngníomhaíochtaí nuálacha. Gaiscíoch teangacha den scoth is ea é agus is aobhinn leis daoine a thabhairt le chéile chun teangacha a foghlaim agus úsáid a bhaint astu. Is éacht as cuimse é gur foghlaim sé an Eastóinise lasmuigh den tír...is ambasadóir ceart ar a thír é.

#### Arna ainmniú ag:

→ Helen English, Múinteoir Gearmáinise & Comhordaitheoir Tacaíocht Teanga, Iarbhunscóil Mhaigh Nuad.

Ina theannta sin tá malartú cultúrtha do dhaltaí á eagrú aige (le gan ach fíorbheagán tacaíochta) idir daltaí ó Mhaigh Nuad agus daltaí ó Thailinn. Beidh an malartú seo ar siúl in earrach 2014 de réir dealraimh. Níl iontu seo ach dá shampla den obair atá déanta aige chun daltaí Éireannacha a chur in aithne dá thír dhúchais.

I 2010 bhí Artjom rannpháirteach i dtogra eTwinning le scoil i dTailinn. Mar thoradh ar an eispéreas seo chinn sé ar an Eastóinise a foghlaim cé nach ndéanann an 40% de phobal na hEastóine ar Rúisigh iad a leithéid de ghnáth. Tá léirithe aige mar seo go bhfuil fonn air na constaicí eitneacha agus teanga a sháru atá fágtha mar oidhreacht againn ag dhá chogadh domhanda millteach agus ag briseadh an Iar-Aontais Shóivéadach.

Tá Artjom ag rannpháirtíú go díograiseach i Lá Eorpach na dTeangacha ón am a tháinig sé. Cuidíonn sé gach bliain lena chinntiú go n-éireoidh leis an lá: Tairgeann sé ceachtanna Rúisise do dhaltaí na chéad bhliana agus ullmaíonn láithreoirachtaí PowerPoint faoin chathair agus an tír as a dtáinig sé. Freastalaíonn sé ar ranganna Rúisise maidineacha Sathairn i mBaile Átha Cliath (le tacaíocht ag an Tionscnamh Teangacha Iarbhunscóile). Is iad an dá chuspóir aige agus sin ar bun aige ná ullmhú don scrúdú Ardeistiméireachta san Rúis agus a chuid eolais ar an Rúis agus ar na tíortha ina labhraítear an Rúis a chur ar aghaidh. Duine fíorghalánta cairdiúil cabhrach is ea Artjom, dalta sármhaithe go smíor.



## Language Learner of the Year 2013

### ❖❖❖ **Brajan Mazurkiewicz**

CBS Secondary School, Roscommon.

Brajan, a Fifth Year student in the CBS Roscommon, was born in Poland and has lived in Ireland for the past six years. As well as integrating excellently into school life, he has shown an extraordinary aptitude for language learning. In addition to his native tongue, Brajan has achieved a high level of fluency in English, Spanish and French. He can also understand and converse in Irish, German and Portuguese, and is studying Russian, Japanese, Danish and Dutch at beginner's level.

For Brajan, language learning is a hobby. He has a real interest and enthusiasm for all aspects of language, as well as the cultural context which shapes it. Brajan studies Spanish, English and Irish within the school, but works on other languages in his spare time, improving his linguistic and communicative skills through travel, websites and foreign language movies and newspapers.

He consistently goes out of his way to help new international students settle into the school. His diligence and dedication to languages has inspired his classmates and encouraged them to work harder. Brajan hopes to use languages in his future career, possibly as an interpreter or translator.

#### Jury comments

---

→ *Brajan demonstrates excellent multilingual capacity and develops this through self-directed learning. He also shows the effective use of social media in language learning.*

#### Nominated by:

---

→ *Marion Kilroy, Teacher, C.B.S. Secondary School, Roscommon.*





## Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013



### Brajan Mazurkiewicz

Meánscoil na mBráithre Críostaí, Ros Comáin.

Is dalta sa Chúigiú Bliain i Scoil na mBráithre Críostaí i Ros Comáin é Brajan. Rugadh sa Pholainn é agus tá cónaí air in Éirinn le sé bliana anuas. D'éirigh go breá leis socrú i saol na scoile agus is léir foghlaimoir teangacha fíorchumasach é. Anuas ar a theanga dhúchais tá ardchaighdeán líofachta bainte amach ag Brajan sa Bhéarla, sa Spáinnis agus sa bhFaincis. Ina theannta sin tá tuiscint agus cumas cainte aige sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis agus sa Phortaingéilis agus tá an Rúisis, an tSeapáinis, an Danmhairgis agus an Ollainnis á foghlaim aige ag leibhéal an tosaitheora.

Bíonn Brajan ag foghlaim teangacha mar chaitheamh aimsire. Tá fíorshuim agus díogais aige i dtaobh gach gné de theangacha agus i dtaobh an chomhthéacs chultúrtha a imríonn tionchar orthu. Tá Brajan ag déanamh staidéir ar an Spáinnis, an Bhéarla agus an Ghaeilge ar scoil ach tá sé ag gabháil do theangacha eile lasmuigh den scoil, tráth a mbíonn sé ag cur feabhais ar a scileanna cumarsáide trí thaisteal, suíomhanna idirlín agus scannáin agus nuachtáin i dteangacha iasachta.

Ní miste leis obair bhreise a dhéanamh chun cabhrú le daltaí nua ón iasacht socrú isteach sa scoil. Is de bharr a dhícheallachta agus a dhíograise a spreagadh a chomhdhaltaí chun iarracht níos fearr a dhéanamh. Tá Brajan ag súil le teangacha a úsáid sa ghairm a bheidh aige amach anseo, mar ateangaire nó mar aistritheoir, b'fhéidir.

#### Tuairim an Ghiúiré

→ Tá sárchumas ilteangach ag Brajan agus tá sé á chur chun cinn aige trí fhoghlaim féin-riartha. Ina theannta sin taispeánann sé gur féidir leis úsáid éifeachtach a bhaint as na meáin shóisialta ar mhaithe le foghlaim teangacha.

#### Arna ainmniú ag:

→ Marion Kilroy, Múinteoir, Meánscoil na mBráithre Críostaí Ros Comáin.



## Language Learner of the Year 2013

### ❖ Christopher McMahon Castleknock Community College.

Christopher is interested in Irish, Spanish, French (self-taught) and Latin (self-taught) and is currently learning Italian and Ancient Greek. He uses these in class and exams in school as well as in debating and history (language awareness). He takes part at competition level in languages when the opportunity arises and reads fiction in several languages at home.

Christopher has only travelled abroad twice, both occasions when very young on family holidays. To increase his language skills he reads a lot and uses applications on mobile and other devices to practice and listen to authentic material.

He was selected as the Irish candidate for “Ruta Quetzal 2013”. For this competition, he wrote an essay on the links between Ireland and Latin America and was invited for interview at the Spanish Embassy. Christopher hopes to continue to strengthen his linguistic and cultural knowledge. He has a keen interest in history and culture and would like to someday use languages and interests in a professional capacity.



#### Jury comments

→ Christopher displays excellent plurilingual competences and is to be commended for the fact that he is an independent language learner. While there is a good tradition in his school for language studies, the Latin and Ancient Greek he has taken up are not on the curriculum.

#### Nominated by:

→ Gina Byrne, Teacher, Castleknock Community College, Dublin 15.



## Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013



### Christopher McMahon Pobalscoil Chaisleáin Chnucha.

Tá suim ag Christopher sa Ghaeilge, sa Spáinnis, sa bhFraincis (a mhúineann sé dó féin) agus sa Laidin (á mhúineadh dó féin chomh maith). Ina theannta sin tá sé ag foghlaim na hIodáilise agus na Sean-Ghréigise. Baineann sé úsáid astu seo sa rang agus déanann sé scrúduithe iontu ar scoil. Úsáideann sé iad i ndíospóireachtaí agus i stair (feasacht teanga). Glacann sé páirt i gcomórtais teanga nuair a bhíonn deis aige agus léann sé ficsin i roinnt teangacha éagsúla, agus é sa bhaile.

Ní raibh Christopher thar lear ach dhá uair, nuair a bhí sé ar saoire lena mhuintir agus é ina bhuachaill óg. Déanann sé a lán léitheoireacht agus baineann sé úsáid as feidhmchláir ar ghairis shoghluaiste agus ar ghairis eile chun cleachtadh a dhéanamh agus éisteacht le hábhar dílis.

Roghnaíodh é mar an t-iarrthóir Éireannach le haghaidh “Ruta Quetzal 2013”. Chum sé aiste don gcomórtas seo faoi naisc idir Éirinn agus Meiriceá Laidineach agus fuair sé cuireadh teacht i gcomhair agallaimh chuig Ambasáid na Spáinne. Tá i gceist ag Christopher leanúint ar aghaidh ag cur chun cinn a chuid eolais ar theangacha agus cultúr. Cuireann sé suim láidir i stair agus i gcultúr agus ba mhaith leis teangacha agus na nithe a gcuireann sé suim iontu a úsáid i gcáil gharimiúil lá éigin amach anseo.

#### Tuairim an Ghiúiré

→ Tá sárinniúlacht ilteangach ag Christopher agus tá moladh tuillte aige de bharr gur foghlaimoir teangacha neamhpleách é. Tá traidisiún maith ag an scoil ó thaobh staidéar teangacha de ach níl an Laidin ná an tSean-Ghréigis atá á bhfoghlaim aige ar an gcuraclam.

#### Arna ainmniú ag:

→ Gina Byrne, Múinteoir, Pobalscoil Chaisleáin Chnucha, Baile Átha Cliath 15.



## Language Learner of the Year 2013

### ❖❖❖ Elif Sude Alagoz

St. Brigid's Primary School, Dublin 4.

Elif arrived in Ireland in August 2011 from Turkey. She started 4th class in September 2011, having never studied English before. Initially, she began in her language class, naming classroom objects, the days of the week and colours. She has now progressed from this basic level to accessing the 5th Class curriculum at a high level. She is also learning French at school. She shows an ability to work at a fast pace, but also with great accuracy and she shows huge creativity in her writing.

Elif attends an EAL language class daily. She works extremely hard both in school and at home. She never ceases to ask questions if she does not understand and she is unafraid of making mistakes. She takes great pleasure in creative writing and often writes for enjoyment at home. She uses her own English to improve the skills of family members (her younger sister and her parents). Elif looks for language opportunities at every occasion, both in school, her personal life and in the environment around her. She keeps lists of vocabulary and constantly refers to the dictionary. Her listening skills are highly developed and this improves the standard of her spoken English immensely.

Elif enjoyed academic success in Turkey and was a little dejected for the first few months due to the language barrier. However, her determination to succeed soon allowed her to achieve at an equal level to her peers. Elif had never learned to swim before in her own country so was instructed for the first time last year through English, and has since shown huge ability and enjoyment in the sport. Elif entered the 'Write a Book' competition this year. This is an optional competition that requires great work and dedication on behalf of the student. She produced a high quality piece of writing with accuracy and imagination.

#### Jury comments

→ Elif has made remarkable progress. There is evidence of her participation in language learning and her strong motivation to succeed.

#### Nominated by:

→ Annemarie Hogan, Principal, St Brigid's Primary School, Dublin 4.







## Foghlaimoir Teanga na Bliana 2013



### Elif Sude Alagoz

Bunscoil Naomh Bhríd, Baile Átha Cliath 4.

Tháinig Elif go hÉirinn i mí Lúnasa 2011 ón Tuirc. Thosaigh sí i rang 4 i mí Mheán Fómhair 2011 gan aon staidéar a bheith déanta aici ar an mBéarla riamh roimhe. I dtús báire, ina rang teanga, bhíodh sí ag ainmniú rudaí sa seomra ranga, laethanta na seachtaine agus

dathanna. Tá dul chun cinn déanta aici faoin am seo ón mbunleibhéal seo chuig rannpháirtíú i gcuraclam rang 5 ag ardeibhéal. Tá sí ag foghlaim na Fraincise ar scoil chomh maith. Tá ar a cumas obair go tapa agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. Tá a cuid oibre beacht cruinn agus is scríbhneoir cruthaitheach í.

Tá Elif ag freastal ar rang teanga “Béarla mar theanga bhreise” gach lá. Tá sí ag déanamh a seacht ndíochill ar scoil agus sa bhaile agus bíonn sí ag cur ceisteanna de shíor nuair nach dtuigeann sí. Ní bhíonn eagla uirthi botúin a dhéanamh. Is aoibhinn léi an scríbhneoireacht chruthaitheach agus is minic í ag scríobh sa bhaile mar chaitheamh aimsire. Baineann sí úsáid as an méid Béarla atá ar eolas aici féin chun feabhas a chur ar Bhéarla ball eile dá teaghlach (a deirfú óg

agus a tuismitheoir). Tá Elif ag faire amach le haghaidh deiseanna teanga an t-am ar fad, ar scoil, ina saol pearsanta agus mórthimpeall uirthi. Tá liostaí foclóra á gcoimeád aici agus baineann úsáid as an bhfoclóir gan stad gan staonadh. Tá scileanna éisteachta den scoth aici, rud a chuireann caighdeán a cumas labhartha chun cinn go mór.

D'éirigh go breá le hElif ar scoil agus í sa Tuirc agus chuaigh sí in ísle brí beagáinín ar feadh tamaill anseo in Éirinn mar gheall ar an mbacann teanga. Bhí sí díoghbháilte ar rath a bhaint amach áfach, agus dá bhrí sin níorbh fhada go raibh sí ag obair léi ar chomhchéim lena comhdháltaí. Ní raibh snámh foghlamtha ag Elif le linn di a bheith ina tír féin ach fuair sí teagascóireacht sa snámh den chéad uair an uraidh anseo agus is trí mheán an Bhéarla a fuair sí í. Is léir ó shin gur aoibhinn léi an spórt agus gur snámhaí cumasach í. Bhí Elif rannpháirteach sa chomórtas ‘Scríobh leabhar’ i mbliana. Comórtas roghnaitheach é seo ina n-éilítear ar na rannpháirtithe obair chrua dhíograiseach a dhéanamh. Chum Elif píosa oibre scríofa d’ardchaighdeán le cruinneas agus le samhlaíocht araon.

#### Tuairim an Ghiúiré

→ Is suntasach an dul chun cinn atá déanta ag Elif. Tá cruthúnas ann ar a rannpháirtíocht i bhfoghlaim teanga agus ar fonn mór a bheith uirthi rath a bhaint amach.

#### Arna ainmniú ag:

→ Annemarie Hogan, Príomh-Oide, Bunscoil Naomh Bhríd, Baile Átha Cliath 4.



# European Day of Languages, 26 September

## Celebrating Linguistic Diversity, Plurilingualism and Lifelong Language Learning.

*“Respect for cultural and linguistic diversity and language learning for all are fundamental principles of the Council of Europe and of the European Union. The ability to understand and use several languages helps citizens achieve their full potential, both socially and professionally. Language skills are essential for equity and integration. Against the current backdrop of increasing mobility, globalisation of the economy and changing economic trends, the need to learn languages and develop plurilingual and intercultural education is more obvious than ever before.”*

Excerpt from the Joint Council of Europe/European Commission Declaration to mark the 10th Anniversary of the European Day of Languages, 26th September 2011.

The European Day of Languages is a Council of Europe initiative and has been celebrated on 26th September since 2001, the European Year of Languages. Convinced that linguistic diversity is a tool for enhanced intercultural understanding and unifying European neighbours, the Council of Europe promotes multilingualism and cultural richness throughout Europe.

### ***The aims of the European Day of Languages are:***

- To alert the public to the importance of language learning and diversifying the range of languages learnt in order to increase plurilingualism and intercultural understanding
- To promote the rich linguistic and cultural diversity of Europe, which must be preserved and fostered
- To encourage lifelong language learning in and out of school, whether for study purposes, for professional needs, for purposes of mobility or for pleasure and exchanges.

For further information contact [languages@leargas.ie](mailto:languages@leargas.ie) or visit [www.leargas.ie/edl](http://www.leargas.ie/edl)



## Lá Eorpach na dTeangacha, 26 Meán Fómhair

### Ag ceiliúradh Éagsúlacht Teangacha, Ilteangachais agus Foghlaim Teangacha ar feadh an tsaoil.

*“Tá meas ar éagsúlacht chultúrtha agus teangacha agus ar fhoghlaim teangacha do chách mar phrionsabal bunúsach ag Comhairle na hEorpa agus ag an Aontas Eorpach. Is fearr a éiríonn leis an saoránach a bhfuil ar a chumas níos mó ná teanga amháin a thuiscint agus a úsáid a lánacmhainn a bhaint amach ó thaobh saoil shóisialta agus saoil ghairmiúil de araon. Tá scileanna teanga ffor-riachtanach chun cothromas agus imeascadh a chothú. I bhfianaise teacht chun cinn na soghluaiseachta, domhandú na heacnamaíochta agus na n-athruithe atá ag teacht ar riachtanais eacnamaíocha tá gá níos mó ná riamh le foghlaim teangacha agus forbairt oideachais ilteangaigh idirchultúrtha a chur ar aghaidh.”*

Sliocht as Dearbhú Comhpháirteach Comhairle na hEorpa/an Choimisiúin Eorpaigh chun 10ú comóradh bliana Lá Eorpach na dTeangacha, is é sin, an 26ú Meán Fómhair 2011, a shonrú.

Is tionscnamh de chuid Chomhairle na hEorpa é Lá Eorpach na dTeangacha. Ceiliúrtar é ar an 26ú Meán Fómhair gach bliain ón bhliain 2001 arb í bliain Eorpach na dTeangacha í. Is deimhin le Comhairle na hEorpa go gcuireann éagsúlacht teangacha tuiscint idirchultúrtha chun cinn agus go n-aontaíonn sí comharsana san Eoraip. Dá bhrí sin cothaíonn Comhairle na hEorpa ilteangachas agus saibhreas cultúrtha fud fad na hEorpa.



#### *Is iad seo na spriocanna atá le Lá Eorpach na dTeangacha:*

- A chur in iúl don bpobal go bhfuil an-tábhacht ag baint le foghlaim teangacha agus leis na teangacha a fhoghlaimítear a éagsúlú agus gur chóir é seo a dhéanamh d'fhonn ilteangachas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn
- Éagsúlacht shaibhir na hEorpa ó thaobh teangacha agus cultúir de a chur chun cinn, éagsúlacht nach mór a chaomhnú agus a chothú
- Foghlaim teangacha ar feadh an tsaoil a spreagadh ar scoil agus lasmuigh di, is cuma an chun críocha staidéir, riachtanais ghairmiúla, soghluaiseachta nó ar mhaithe le spraoi nó malartuithe.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ó [languages@leargas.ie](mailto:languages@leargas.ie) nó tabhair cuairt ar [www.leargas.ie/edl](http://www.leargas.ie/edl)



# European Centre for Modern Languages - ECML


## A Centre to Promote Language Education in Europe.

Understanding one another is a prerequisite for living together harmoniously. Europe needs citizens who can all communicate in some of the many languages spoken within its borders. The European Centre for Modern Languages in Graz, Austria, assists in this challenge by encouraging excellence and innovation in language teaching and learning. Based on the underlying values of the Council of Europe and its pioneering work in language education, the ECML is ideally equipped to act as a catalyst for reform and in the implementation of effective language teaching policies. Through its four-year programmes consisting of projects, workshops and conferences to which participants from the Member States are invited, the ECML provides a platform for cooperation with experts, associations and institutions involved in enhancing European standards in language education.

The ECML's fourth medium-term programme (2012-2015) is entitled "Learning through Languages" and features 15 projects. This programme builds on the Centre's previous work and widens its scope to move beyond the foreign language classroom to include all linguistic abilities and the needs of all groups of learners. Within this context, languages represent the principal medium through which learning is achieved, so the programme addresses not just the foreign language classroom but the teaching of the language of schooling, of other languages present in the educational environment and the languages used in formal subject teaching. Projects also focus on informal and non-formal language learning and on the mediation with stakeholders involved in the education process.

Léargas is the national contact point for the ECML in Ireland. For further information about the work of the ECML please contact [languages@leargas.ie](mailto:languages@leargas.ie), visit [www.leargas.ie/ecml](http://www.leargas.ie/ecml) or consult the ECML's website [www.ecml.at](http://www.ecml.at)

## Contact Points



Points de contact



# An tIonad Eorpach um Nuatheangacha

## Ionad a chuireann Oideachas i dTeangacha chun cinn san Eoraip.

Ní mór dúinn a chéile a thuiscint chun go mbeimid in ann maireachtáil agus réiteach lena chéile. Tá saoránaigh ag teastáil ón Eoraip a bhfuil ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh lena chéile i gcuid den líon mór teangacha a labhraítear san Eoraip. Cabhraíonn an tIonad Eorpach um Nuatheangacha i nGraz na hOstaire linn aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Is tríd an Ionad seo a spreagtar sármhaitheas agus nuálaíocht i dteagasc agus i múineadh teangacha. Tá obair an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha bunaithe ar bhunluachanna Comhairle na hEorpa agus ar a hobair cheannródaíoch ar oideachas teanga. Dá bhrí sin is maith is féidir leis an Ionad athchóiriú a dhéanamh ar mhúineadh teanga agus beartas nua éifeachtach ina thaobh chur ar aghaidh. Is trína chlár cheithre bliana ina gcuireann an tIonad tograí, ceardlanna agus comhdhálacha ar siúl do bhaill ó na Ballstáit a chuireann sé deis ar fáil comhoibriú le saineolaithe, comhghrúpaí agus institiúidí a bhíonn ag obair chun caighdeán Eorpacha in oideachas teanga a fheabhsú.

Is é an teideal atá ar an gceathrú clár meántéarmach de chuid an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha (2012-2015) ná “Ag Foghlaim trí Theangacha.” Tá 15 thogra sa chlár. Forbraíodh an é ar bhonn na hoibre atá déanta ag an Ionad go dtí seo agus déanann sé a réimse a fhairsingiú chun bogadh lasmuigh de sheomra ranga na teanga iasachta d’fhonn na cumais teanga agus na riachtanais teanga ar fad atá ag gach grúpa foghlaimeoirí a thabhairt san áireamh. Sa chomhthéacs seo is iad teangacha an príomh-mheán a ndéantar foghlaim leo. Dá bhrí sin ní thugann an clár faoi sheomra ranga na teanga iasachta amháin ach múineadh na teanga ina dtugtar an scolaíocht, na dteangacha eile a labhraítear sa timpeallacht oideachasúil agus na dteangacha a úsáidtear i múineadh foirmiúil ábhar. Tá tograí ann leis, atá dírithe ar fhoghlaim teangacha neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta chomh maith leis an idirghabháil le luchtanna leasa a bhfuil baint acu leis an bpróiseas oideachais.

Is é Léargas pointe teagmhála náisiúnta in Éirinn don Ionad Eorpach um Nuatheangacha. Is féidir teacht ar a thuilleadh eolais ar obair an Ionaid Eorpaigh um Nuatheangacha ach teagmháil a dhéanamh le [languages@leargas.ie](mailto:languages@leargas.ie), cuairt a thabhairt ar [www.leargas.ie/ecml](http://www.leargas.ie/ecml) nó féachaint ar shuíomh idirlín an Ionaid féin, [www.ecml.at](http://www.ecml.at)





Léargas

**Léargas is the Irish National Agency for the management of national and international exchange and cooperation programmes in education, youth and community work, and vocational education and training. The National Centre for Guidance in Education also operates as part of the Léargas network.**

The two main European Commission funded programmes managed by Léargas are:

- **Lifelong Learning Programme**  
– for schools, vocational training and lifelong learning opportunities
- **Youth in Action**  
– for youth and community work opportunities

These programmes aim to bring a European dimension to education, training, and youth and community work and allow young people and those who work with them to benefit from building links with others who work and learn in similar fields right across Europe. Funding is competitive and enables successful organisations to work cooperatively, to improve their language skills, to collaborate on shared issues and challenges, and to create new and innovative training methods.

On 26th June 2013, the Irish Presidency secured agreement on Erasmus+ among EU Member States and with the European Parliament. Erasmus+ (2014-2020) is the new €16bn catch-all framework programme for education, training, youth and sport. Erasmus+ will bring together the Lifelong Learning Programme (Leonardo, Comenius, Grundtvig, Erasmus and Jean Monnet actions), Youth in Action and five other international programmes including Erasmus Mundus and Tempus into one single, simplified and modern programme. This new programme will focus on formal and informal learning across EU borders to improve the skills and employability of students, educators and workers.

You can find out more about the work of Léargas by visiting our website [www.leargas.ie](http://www.leargas.ie) or emailing [info@leargas.ie](mailto:info@leargas.ie)



léargas



## Is é Léargas an Ghníomhaireacht Náisiúnta a bhainistíonn cláir mhalartaithe agus cláir chomhair náisiúnta agus idirnáisiúnta san oideachas, obair óige agus phobail agus in oideachas agus oiliúint ghairmiúil. Ina theannta sin tá an Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas ag feidhmiú mar chuid de Líonra Léargas.

Is iad an dá phríomhchlár faoi bhainistiú Léargas atá á maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach ná:

- **An clár Foghlaim ar Feadh an tSaoil**
  - le haghaidh scoileanna, gairmoideachais agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil
- **Óige i mBun Gnímh**
  - le haghaidh deiseanna oibre leis an aos óg agus obair phobail

Is é is cuspóir do na cláir seo ná gné Eorpach a thabhairt isteach in oideachas agus oiliúint, in obair leis an aos óg agus in obair phobail. Is tríd na cláir seo a thugtar deis do dhaoine óga agus dóibh siúd a bhíonn ag obair leo naisc a chruthú le daoine eile a oibríonn agus a fhoghlaimíonn i réimsí cosúil leo seo ar fud na hEorpa. Bronntar maoiniú, de ghnáth, ar eagraíochtaí a n-éiríonn lena n-iarratais chun go bhféadfaidh siad cabhrú lena dtairbhíthe obair le chéile i gcompháirtíochtaí, a scileanna teanga a fheabhsú, obair as láimh a chéile ar shaincheisteanna agus ar dhúshláin a bhaineann le gach grúpa díobh agus modhanna oiliúna nua nuálaíocha a chruthú.

Ar an 26ú Meitheamh 2013, dhaingnigh Uachtaránacht na hÉireann comhaontú maidir le hEarasmus+ idir na Ballstáit Eorpacha agus le Parlaimint na hEorpa. Is é Erasmus+ (2014-2020) an clár creatoibre nua uileghabhálach le haghaidh oideachais, oiliúna, óige agus spóirt. Is é €16 billiún a luach. Le hEarasmus+ tabharfar na cláir seo a leanas le chéile in aon chlár simplithe nua-aimseartha amháin: an Clár Foghlaim Ar Feadh an tSaoil (na gníomhartha Leonardo, Comenius, Grundtvig, Erasmus agus Jean Monnet), Óige i mBun Gnímh agus cúig chlár idirnáisiúnta eile lena n-áirítear Erasmus Mundus agus Tempus. Beidh an clár nua seo ag díriú isteach ar fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil trasna teorainneacha an AE d'fhonn scileanna agus infhostaitheacht mac léinn, oideoirí agus oibríthe a fheabhsú.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin obair a bhíonn ar siúl ag Léargas ar ár suíomh idirlín [www.leargas.ie](http://www.leargas.ie) nó seol r-phost chuig [info@leargas.ie](mailto:info@leargas.ie)











# European Language Label

## An Séala Eorpach Teanga

### 2013